RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/808 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Bealtaine 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí bispireabac

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 17, an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ([2]) ón gCoimisiún na substaintí gníomhacha arna bhformheas faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(2) Cuireadh isteach iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí bispireabac a athnuachan an 30 Iúil 2018, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([3]).

(3) Cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí bispireabac ón 31 Iúil 2021 go dtí an 31 Iúil 2023 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1916 ón gCoimisiún ([4]).

(4) An 22 Deireadh Fómhair 2020, áfach, dheimhnigh an t-iarratasóir nach dtacaíonn sé a thuilleadh leis an iarratas ar fhormheas a athnuachan.

(5) Ós rud é gur tarraingíodh siar an t-iarratas ar athnuachan, níl údar a thuilleadh le síneadh a chur le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin, dá bhforáiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1916. Dá bhrí sin, ba cheart dáta éaga nua a shocrú ar an dáta is luaithe is féidir, agus dóthain ama a thabhairt do na Ballstáit údaruithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí a bhfuil an tsubstaint sin iontu a tharraingt siar.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1916 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí bispireabac (IO L 311, 7.12.2018, lch. 24).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Bealtaine 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 1, Bispireabac, cuirtear "31 Iúil 2022" in ionad an dáta.